




**PLEAN FORBARTHA CHONTAE LOCH
GARMAN
2007 – 2013**



**Straitéis Forbartha
Fhuinnimh Gaoithe**



Clár

Cuid 1. Ag Sainiú Straitéise Fhuinnimh Gaoithe do Co. Loch Garman

1.1	Réamhrá	4
1.2	Láthair	4
1.3	Cuspóir	4
1.4	Cúlra	5
1.5	Comhthéacs an Pholasaí	5
2.0	Ráiteas Polasaí Ginearálta	
2.1	Aidhmeanna	6
2.2	Modheolaíocht	6
3.0	Creatlach Geografach	7
4.0	Iallacha a Aithníodh agus Oiriúnacht na Limistéar le haghaidh Feirm Ghaoithe á Shainmhíniú	
4.1	Iallacha Tráchtála	7
4.2	Iallacha Tírdhreacha agus Timpeallachta	8
4.3	Ainmniúcháin Tírdhreacha	8
4.4	Ainmniúcháin Timpeallachta	9
5.0	Limistéir Forbartha d'Fheirmeacha Gaoithe a Aithníodh i gContae Loch Garman	10
6.0	Caighdeáin Rialaithe Forbartha d'Fheirmeacha Gaoithe	
6.1	Bailte agus Sráidbhailte	11
6.2	Tithe Cónaithe	11
6.3	Teorainn	11
6.4	Scáth-Chaochaíl	11
6.5	Tionchair Carnacha	11
6.6	Seandálaíocht	11
6.7	Bealaí Imirceacha na nÉan	11
6.8	Fálú	12
6.9	Torann	12
6.10	Monatóireacht ar an Timpeallacht	12
6.11	Bóithre	12

6.12	Uiscígh	13
6.13	Struchtúr agus Trealamh Coimhdeach	13
6.14	Nasc Eangaí	13
6.15	Trasnaíocht Leictreamaighnéadach	13
6.16	Sábháilteacht Aerloingseoireachta	13
6.17	Ranníocaíochtaí Airgeadais	14
6.18	Gnéithe Sábháilteachta	14
6.19	Pas Tógála	14
6.20	Díchoimisiúnú	15

Cuid 2. Treoirínte ar lallacha Forbartha d’Fheirmeacha Gaoithe

7.0 Comhairliúcháin Ullmhúcháin

7.1	Comhairliúcháin Réamhphleanála	16
7.2	Díospóireacht agus Comhairliúchán Réamhiarratais	16

8.0 Lonnú agus Dearadh na bhFeirmeacha Gaoithe

8.1	Réamhrá	17
8.2	Talamh Feirmeoireachta Réidh agus Cnocach	17
8.3	Tírdhreacha Imeallacha Idirchreasa	17
8.4	Uirbeach / Tionsclaíoch	17
8.5	Cósta	18

9.0 Treoirínte in Ullmhú Iarratais Phleanála

9.1	Eolas atá ag Teastáil in EIS	18
9.2	Eolas atá ag Teastáil do gach Iarratas Pleanála ar Fheirm Ghaoithe	19

10.0 Tuirbíní Gaoithe Aonair

10.1	Cumas	21
10.2	Dearadh	21
10.3	Caighdeán Rialaithe Forbartha	22
10.4	Luach Oideachasúil	22

Leabharliosta	23
----------------------	-----------

Cuid 1.0 Ag Sainiú Straitéise Fhuinnimh Ghaoithe do Co. Loch Garman

1.1 Réamhrá

Is mol domhanda í an Eoraip d'fhorbairt fhuinnimh ghaoithe agus is í Éire ceann de na tíortha is mó oiriúnachta d'fhorbairt acmhainne gaoithe san Eoraip. Cé go bhfuil an acmhainn ghaoithe is mó ag na contaetha san iarthar, is féidir le Co. Loch Garman ranníocaíocht suntasach a dhéanamh agus ár spleáchas ar bhreoslaí allmhairithe a laghdú agus an eacnamaíocht áitiúil a fheabhsú ag an am gcéanna. Is féidir leis an ranníocaíocht seo an fhorbairt d'fheirm ghaoithe agus an rannpháirtíocht i dtaighde níos leithne agus limistéir déantúsaíochta araon a chur san áireamh. De réir mar a fhásann suim an phobail, ó fhorbróirí agus saoránaigh inníocha araon, tá luach na straitéise gaoithe fhoirmiúil ag éirí soiléir. Ina dhiaidh sin, chuir an Straitéis um Fhuinneamh Ghaoithe, *Treoirlínte Pleanála, An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil*, 2006 béim ar thábhacht an fhuinnimh ghaoithe agus d'iarraidh sé cumas acmhainne ghaoithe a uasmhéadú laistigh de struchtúr pleanála ceart.

1.2 Láthair

Is contae logánach í Loch Garman go bunúsach. Cuimsithe ó thuaidh ag asluiteacha de Shléibhte Chill Mhantáin agus ar an taobh iarthar ag Na Staighrí Dubha, luíonn an chuid is mó den chontae faoin gcomhriain 100m. Tá líne chósta fada aici chomh maith le hoidhreacht timpeallachta fíor-shaibhir. Cé gur ionann na hairíonna seo agus contae álainn, tugann siad le fios go bhfuil an scóip d'fhorbairt feirme ghaoithe réasúnta teoranta. Toisc é seo, tá an riachtanas le haghaidh straitéis ghaoithe cothrom níos práinní fós.

1.3 Cuspóir

Aithníonn Comhairle Chontae Loch Garman go bhféadfadh feirmeacha gaoithe, má lonnaitear go neamhoiriúnach iad, tionchar diúltach a bheith acu ar a dtimpeallacht áitiúil. Is ráiteas í an *Straitéis* seo de rún na Comhairle chun rialú dearfach a ghlacadh ar an bhforbairt d'fheirmeacha gaoithe i gContae Loch Garman. Leis an straitéis seo, is féidir tionchair diúltacha timpeallachta agus radhairc a bheith íoslaghdaithe fad is a chuirtear dúshaothrú inbhuanaithe den acmhainn fhuinnimh seo chun cinn. Baineadh an chothromaíocht seo amach trí athbhreithniú a dhéanamh ar na tírdhreacha éagsúla den chontae agus a gcumas chun forbairtí feirme gaoithe a ghlacadh a mheas. Is iad na príomhchritéir a úsáideadh sa chleachtadh seo ná tionchair radharcacha agus timpeallachta

1.4 Cúlra

Déanann Éire idir 85% agus 90% den fhuinneamh a úsáideann sí a allmhairiú, i bhfoirm bhreoslaí iontaise don chuid is mó. Tá sprioc leagtha amach ag an Aontas Eorpach go dtáirgfear 15% dá bhfuinneamh ó acmhainní inathnuaite faoi 2010. Tá níos mó ná 30,000MW á tháirgeadh ó fhuinneamh gaoithe i láthair na huaire.

Tá an Ghearmáin, an Spáinn, an Danmhairg, an Iodáil, agus an Ísiltír i measc na náisiúin ceannasaíochta le cumas fuinnimh gaoithe suiteáilte. Tá sé de chumas ag Éire 640,000 MW a tháirgeadh go bliantúil agus tá sprioc de 13.2% de tháirgiúlacht leictreachais iomlán acu faoi 2010, ón gcumas suiteáilte de 225 MW mar a bhí ag Meitheamh 2004.

Seasann ár gcumas suiteáilte reatha ag beagnach 4.25% den iomlán. Is réimse fáis an-suntasach í forbairt fuinnimh ghaoithe in Éirinn i láthair na huaire, sa Tuaisceart agus sa Phoblacht araon.* Tugadh cead pleanála do bhreis agus 2000MW, an chuid is mó dó nach bhfuil tógtha fós.

Tá an margadh leictreachais mórdhíola á oscailt suas i láthair na huaire go dtí gineadóirí lasmuigh den tír agus leathnóidh sé seo go dtí an margadh miondíola i gceann cúpla bliana. Éascóidh an tógáil de dhá idirnascaire idir an chósta thoir agus an Bhreatain Bheag agus b'fhéidir tríú ceann idir an Phoblacht agus an Tuaisceart, a fógraíodh le déanaí, na tionscnaimh seo.

* Foinse: Wind Energy Economics, Sustainable Energy Ireland, Droichead na Bandan, Co Chorcaí

1.5 Comhthéacs an Pholasaí

I Meitheamh 2006, d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil a

Treoirlínte Pleanála, Wind Energy Strategy. Tá na treoirlínte seo deartha chun "comhsheasmhacht a chinntiú sa chur chuige ar fud na tíre agus láthaireacha oiriúnacha le haghaidh an fhorbairt d'fheirmeacha gaoithe á aithint agus an chóireáil d'iarraitas pleanála d'fhorbairtí feirme gaoithe."

I measc na ndoiciméid Náisiúnta agus Eorpacha ábhartha, tá na treoirlínte ag tarraingt ó; *An Plean Forbartha Náisiúnta (2000 - 2006)*, *Forbairt Inbhuanaithe: A Strategy for Ireland (1997)*, Páipéar Bán AE um Fhuinneamh Inathnuaite (1997), *An Páipéar Glas ar Fhuinneamh Inbhuanaithe (1999)*, An tAcht Um Rialáil Leictreachais 1999 agus an *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide (2000)*.

Soláthraíonn an Straitéis um Fhuinneamh Gaoithe, Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla 2006, na dearbhphrionsabail lárnacha don *Straitéis Ghaoithe do Chontae Loch Garman* seo.

2.0 Ráiteas Polasaí Ginearálta

2.1 Aidhmeanna

Aithníonn Comhairle Loch Garman an géarghá chun an spleáchas ar bhreoslaí iontaise le haghaidh na giniúna fuinnimh a laghdú, agus tacaíonn sé an fhorbairt d'acmhainní inathnuaite. Toisc go bhfuil comhghaolú láidir ann idir na limistéir atá oiriúnach le haghaidh na giniúna fuinnimh ghaoithe agus tírdhreacha soghonta cois chósta agus tírdhreacha íogaire uachtaracha, iarann ab Chomhairle Chontae cothromaíocht a bhaint amach idir buntáistí na bhforbairtí fuinnimh inathnuaite agus tionchair diúltacha ar ár dtimpeallacht shuibhir.

2.2 Modheolaíocht

Agus meas a bheith againn ar chomhthéacs an pholasaí, rinneadh an mhodheolaíocht a úsáideadh chun limistéir oiriúnacha d'fhorbairt feirmeacha gaoithe a aithint sa straitéis seo, i gcomhréir leis na gcrítéar a mholadh sa Straitéis um Fhuinneamh Gaoithe, Treoirlínte Pleanála (DOEHLG 2006).

Céim 1

Ag úsáid an tAtlas Gaoithe na hÉireann (Sustainable Energy Ireland 2003) réitíodh léarscáil luais na gaoithe do Chontae Loch Garman. I gcomhairle leis an gCoiste Pleanála Speisialta roghnaíodh meánluas gaoithe de 8.4m/s ag 75 méadar mar uasluas gaoithe d'fheirm ghaoithe.

Céim 2

Rinneadh na limistéir leis na luasanna gaoithe oiriúnacha a fhorluí leis na léirscáileanna tírdhreacha íogaire (Plean Forbartha Chontae) agus na criosanna éiceolaíochta molta agus na cinn atá ann cheana féin (LONm, LCSi, LCS srl.) de réir mar atá ainmnithe ag Seirbhís na bPáirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Úsáideadh na léarscáileanna seo d'fhonn cabhrú chun limistéir poitéinsiúla d'fhorbairt fheirme ghaoithe a aithint. Cé nach raibh an straitéis ag cur deireadh le forbairt i ngach limistéar ainmnithe, bhí sí mar aidhm aici cothromaíocht a bhaint amach idir leas na bhforbairtí fuinnimh inathnuaite agus na tionchair diúltacha féideartha ar limistéir timpeallachta íogaire.

Céim 3

Measadh go raibh rochtain ar na heangacha leictreachais agus traiseolta riachtanach d'inmharthanacht eacnamaíochta na bhfeirmeacha gaoithe. Rinneadh na príomhlínte cumhachta BSL sa chontae a fhorluí ar na comh-léarscáileanna agus roghnaíodh na limistéir ina raibh rochtain féidearthach ansin (gan céimeanna 1 & 2 san áireamh) le bheith curtha san áireamh sa limistéir atá oscailte le breathnú nó limistéir roghnaithe.

3.0 Creatlach Geografach

Bunaithe ar mholtaí na Straitéise um Fhuinneamh Gaoithe, Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla 2006 is é seo a leanas oiriúnacht na limistéar sa chontae d'fhorbairt fheirme ghaoithe:

Limistéir is féidir a Bhreathnú:

Meastar go bhfuil na limistéir seo oiriúnach d'fhorbairt fheirme ghaoithe, faoi réir na pleanála ceart agus na forbartha inbhuanaithe den limistéar. Déileálfar le hiarratais ar chead pleanála ar a bhfiúntas féin leis an bhfreagracht ag luí ar an bhforbróir a léiriú gur bheag an tionchar a bheidh ar an timpeallacht ag aon fhorbairt fheirme ghaoithe atá molta

Limistéir Nach gCeadáitear de Ghnáth

Aithnítear go bhfuil na limistéir seo neamhoiriúnach go sainiúil le haghaidh an fhorbairt d'fheirm ghaoithe toisc na droch-tionchair féideartha ar an timpeallacht, ar an gconláiste cultúrtha nó cónaithe den limistéar.

4.0 Iallacha a aithníodh agus Oiriúnacht na Limistéar le haghaidh Feirme Ghaoithe á Shainmhíniú

4.1 Iallacha tráchtála

Is í acmhainn ghaoithe leordhóthanach an chéad réamhriachtanas le haghaidh feirm ghaoithe inmharthana. Ní féidir é seo a mheas go cruinn ach amháin trí monatóireacht a dhéanamh ar an gcóras gaoithe áitiúil ar feadh bhliain amháin ar a laghad agus comparáid a dhéanamh idir é sin agus sonraí ábhartha, cruinne agus fadtéarmacha. Mar bheart eatramhach, is féidir meastachán réasúnta den acmhainn ghaoithe a fháil ó Atlas Gaoithe na hÉireann. Foilsíodh é seo i 2003 ag Sustainable Energy Ireland. Glactar le meánluas gaoithe *tuartha* de 8.4m/s ag 75m a bheith mar an luas gaoithe caighdeánach atá riachtanach d'fheirm ghaoithe. Luíonn na sonraí seo go tipiciúil laistigh de 5-7% de na *sonraí tomhaiste*. Tá an leibhéal cruinnis seo sásúil chun na limistéir is inmharthanaí le haghaidh forbairtí feirme ghaoithe a shainmhíniú. Tabharfar faoi deara ó léarscáileanna na nAtlas Gaoithe go bhfuil an tiús is airde de luasanna gaoithe inmharthana sa tuaisceart, san iarthuaisceart agus san oirdheisceart. Toisc iallacha timpeallachta tá roinnt de na limistéir seo fágtha as an áireamh ó fhorbairt feirme ghaoithe.

Is féidir le nascadh eangaí eacnamaíoch a bheith mar iallach eile ar inmharthanacht. Tá an cumas líne neamhleor i gCo. Loch Garman i láthair na huaire

4.2 Iallacha Tírdhreacha agus Timpeallachta

Úsáideadh dhá ghrúpa iallacha timpeallachta agus an fhorbairt fheirme ghaoithe á ullmhú. Seo iad na hainmniúcháin tírdhreacha mar a chuireadh i bhfeidhm ag Comhairle Chontae Loch Garman agus na hainmniúcháin fhiadhúlra mar a chuireadh i bhfeidhm ag Seirbhís na bPáirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (féach léarscáil 2) Ainmniúcháin Tírdhreacha

Tírdhreacha Íogair
Tírdhreacha Coitianta
Tírdhreacha Láidre
Iomairí Soghonta
Polasaí Creasa an Chósta
Ainmniúcháin fhiadhúlra
Limistéir Oidhreachta Náisiúnta Molta (LONm),
Limistéir Chaomhnaithe Speisialta Iarrthóra (LCSi)
Limistéir Chosanta Speisialta (LCS),
Tearmainn Dúlra

4.3 Ainmniúcháin Tírdhreacha

Tírdhreacha Íogaire

Clúdaíonn Tírdhreacha Íogaire 416km² d'achar an chontae iomlán de 2390km². I measc na cinn is fearr díobh seo tá na Staighrí Dubha ar theorainn Co. Cheatharlach agus asluiteacha Sléibhte Chill Mhantáin i dtuaisceart an chontae. Toisc go bhfuil Co. Loch Garman réidh ar an mórchuid, breathnaítear orthu seo mar Limistéir Iláilleachta Nádurtha. Toisc go bhfuil comhghaolú láidir ann idir limistéir atá oiriúnach do ghiniúint an fhuinnimh ghaoithe agus tírdhreacha soghonta agus íogaire, iarann Chomhairle Chontae cothromaíocht a bhaint amach idir leasa na bhforbairtí fuinnimh inathnuaite agus tionchair diúltacha ar ár dtimpeallacht shaibhir. Dá réir sin, ceadófar forbairtí feirme ghaoithe i dtírdhreacha íogaire ainmnithe laistigh de na 'limistéir is féidir a bhreathnú' de réir mar atá aitheanta ar léarscáil 5.

Iomairí Soghonta

Baineann siad seo leis na Tírdhreacha Íogaire i limistéir uachtaracha agus ní cheadófar forbairt na feirme ghaoithe ar na hiomairí seo go hiondúil.(féach léarscáil 5)

Tírdhreacha Coitianta

Tá an chuid is mó den chontae sa chatagóir seo. Forálann sé an cumas is lú le haghaidh forbairt na feirme ghaoithe toisc luasanna gaoithe níos ísle.

Tírdhreacha Láidre

Is tírdhreacha uirbeacha agus tionsclaíocha iad seo. .Go ginearálta, ní cheadófar forbairtí feirme ghaoithe sna limistéir seo toisc go gcuireann an crios eisiatachta 1 ciliméadar cosc ar fhorbairtí dá leithéid. Déanfar tuirbíní aonair a mheas i dtírdhreacha tionsclaíocha agus in institiúidí oideachais, áfach (féach rannóg 10)

Polasaí Creasa an Chósta

Cuireadh iad seo san áireamh so mheasúnú. Cé go luíonn líne an chósta Co. Loch Garman go dtí 250km, tá sé deacair forbairt fheirme ghaoithe a mheas thar limistéir chósta fairsinge Tá sé seo de thoradh an rachmais timpeallachta atá coitianta ar an gcósta theas ach tugann a lán den chuid atá fágtha tacaíocht do na dian-fhorbairtí conláiste. Níl forbairt fheirme ghaoithe ceadaithe ach ar ribín 13 cilliméadar cois chósta an oirthir. Beidh eadráin de 500m ar a laghad atá saor ó fhorbairt i bhfeidhm ón taobh thiar de na córais dhuimhche.

4.4 Ainmniúcháin Timpeallachta

Limistéir Oidhreachta Náisiúnta (LONm)

In ainneoin líon na bhfeirmeacha gaoithe atá ann cheana a luíonn laistigh de theorainneacha LONm ní spreagfar breis forbairtí laistigh de Limistéir Oidhreachta Náisiúnta(féach léarscáil 3)

Limistéir Chaomhnaithe Speisialta (LCSi)

In ainneoin líon na bhfeirmeacha gaoithe atá ann cheana a luíonn laistigh de theorainneacha LCSi ní spreagfar breis forbairtí laistigh de Limistéir Chaomhnaithe Speisialta. (féach léarscáil 3)

Limistéir Chosanta Speisialta (LCS)

Ní spreagfar forbairtí feirme ghaoithe laistigh de Limistéir Chosanta Speisialta (féach léarscáil 3)

Tearmainn Dúlra

Ní cheadófar forbairtí feirme ghaoithe laistigh de Thearmainn Dúlra.

5.0 Limistéir Forbartha d'Fheirmeacha Gaoithe a Aithníodh i gContae Loch Garman

De thoradh an mheasúnaithe a rinneadh ar fud an chontae aithníodh na limistéir forbartha seo a leanas.

Limistéir is féidir a Bhreathnú

D'fhéadfadh na limistéir seo a bheith oiriúnach d'fhorbairt fheirme ghaoithe agus ba chóir go mbronnfaí cead pleanála orthu de ghnáth mura dtacódh cúinsí pleanála áitiúla sainiúla le cinneadh chun an cead a dhiúltú i gcomhthéacs an Phlean Forbartha Chontae.

Luíonn na limistéir atá aithníodh mar *Limistéir is féidir a Bhreathnú* mar seo a leanas: (féach léarscáil 4)

- 1) An dá thaobh den N80 go dtí Bun Clóidí
- 2) Ag rith go teorantach le teorainn an deiscirt de na Limistéir Roghnaithe ó dheas ar feadh fad áirithe thar an N30 in aice le Cluain an Róistigh.
- 3) I ndeisceart an chontae ó Bhaile de Cléir go Baile an Droichid.
- 4) In oirthear an chontae ó Chathóir go Baile an Mhaoil Doinn.

Limistéir Nach gCeadáítear Go hIonduil

Tá an chuid eile den chontae aitheanta mar limistéir nach gceadófar forbairtí feirme ghaoithe go hionduil. (féach léarscáil 4)

Caighdeán Rialaithe Forbartha d'Fheirmeacha Gaoithe

6.1 Bailte agus Sráidbhailte

Beidh crios eisiatachta de 1000 méadar i bhfeidhm le gach baile agus sráidbhaile bunaithe. Tá sé seo curtha i bhfeidhm chun an fás, an fhorbairt agus an infheistíocht leanúnach a éascú sna lonnaíochtaí atá ann cheana.

6.2 Tithe Cónaithe

Ní cheadófar tuirbíní a lonnú laistigh de 500m d'aon teach cónaithe ceadaithe nó atá ann cheana (seachas nuair atá cead scríofa tugtha uathu siúd a mbeidh tionchar orthu ag an gcoinníoll seo). Déanfar iarratas pleanála ar theach cónaithe a mheas suas go dtí fad 250 méadar ó thuirbín ceadaithe nó atá ann cheana féin

6.3 Teorainn

Ceadófar tuirbíní laistigh d'fhad nach lú ná 250 méadar den teorainn de ghabháltas talún atá in aice láimhe. Déanfar tionchar na bhfeirmeacha gaoithe atá molta ar an gcumas forbartha de na suímh atá in aice láimhe a mheas. Ceadófar tuirbíní go dtí fad nach lú ná 125 méadar den teorainn de bhóthar Náisiúnta nó Réigiúnda agus iarnród.

6.4 Scáth-Chaochaíl

Réiteofar measúnú den scáth-chaochaíl theoiriciúil le haghaidh na tithe cónaithe go léir laistigh de 600m ó thuirbín ar bith. Léireoidh measúnú breise an leibhéil scáth-chaochaíle is dócháil bunaithe ar iallacha meitéareolaíocha atáthar ag súil leo. Má tá sé ag teastáil, molfar agus aontófar bearta maolaitheacha leis an Údarás Pleanála.

6.5 Tionchair Charnacha

D'fhonn an sláine spásúil, scéimhe agus tuaithe de na limistéir atá oscailte le breathnú a chaomhnú, tógfar an tionchar carnach san áireamh ionas go seachnófar iolracht na bhfeirmeacha gaoithe sna limistéir seo.

6.6 Seandálaíocht

Ní cheadófar tuirbíní go hiondúil laistigh de 150 méadar ó leacht ársa. Beidh measúnú seandálaíochta de dhíth le haghaidh gach láthair atá gar do Leachtanna Taifeadta. Ceadófar athlonnú na dtuirbíní chun na tionchair ar an oidhreacht seandálaíochta a íoslaghdú más gá. Beidh sé seo faoi réir comhaontaithe leis an údarás phleanála

6.7 Bealaí Imirceacha na nÉan

Ní cheadófar Tuirbíní Gaoithe laistigh de bhealach eitilte aitheanta na n-éanlaithe fíáine imirceacha.

6.8 Fálú

Ceadófar é seo go ginearálta mórtimpeall an fho-stáisiúin agus ní cheadófar é ar aon chuid eile den láthair ach amháin má aontaítear air mar chuid den chlár athshlánaithe d'fhásra ar an láthair. Ceadófar an fálú ansin ar feadh na tréimhse ama atá riachtanach chun athshlánú an fhásra a chinntiú

6.9 Torann

Is iad seo a leanas na huasleibhéil torainn a cheadófar ag tithe cónaithe atá torann-mhothálach:

45 dB(A) Leq (A) ón meaisín is giorra idir na huaireanta de 0800 agus 2000, Luan go Satharn agus 43 dB Leq (A) ag gach am eile

D'fhonn ligean do thoisí iontaofa, is féidir leibhéil 1 Leq a thiontú go dtí leibhéil L90 (le haghaidh torann fheirme ghaoithe) leis an ngaolmhaireacht; $L90 = Leq - 3$.

Chomh luath agus a dhéantar an fhorbairt a choimisiúnú beidh monatóireacht déanta uirthi. Sa chás go léiríonn an monatóireacht go bhfuil aon tuirbín ar bith ag dul thar a leibhéil torainn tuartha agus go bhfuil droch-tionchar torainn aige, aontófar ar bhearta maolaitheacha leis an Údaráis Áitiúil

6.10 Monatóireacht ar an timpeallacht

D'fhéadfadh monatóireacht ar an timpeallacht a bheith riachtanach i láithreacha áirithe nuair atá údair inní ann maidir le cúrsaí timpeallachta sainiúla ar nós tionchair ar an bhfiadhúlra nó nuair atá coinníoll sainiúil ceangailte le bronnadh an chead pleanála.

6.11 Bóithre

Beidh bóithre rochtana laistigh den láthair gan dromchla agus beidh siad lonnaithe agus tógtha d'fhonn a tionchar amhaire a íoslaghdú. Má dhéantar an fhorbairt a dhíchoimisiúnú bainfear iad, mura aontaítear ar úsáid mhalartach dóibh roimh ré leis an Údaráis Phleanála.

Roimh thús na forbartha, aontófar ar sonraí na n-oscailtí rochtana chuig an láthair leis an Údaráis Phleanála.

Roimh thús na forbartha, aontóidh agus cuirfidh an forbróir moltaí faoi bhráid an Údaráis Phleanála maidir le cineálacha na bhfeithiclí agus úsáid na mbóithre poiblí le linn an phas tógála.

Beidh claifoirt bhóthair an láthair agus limistéir gaolmhara comhrianta agus siolraithe chun sásaimh an Údaráis Pleanála tar éis na tógála.

Déanfar aon damáiste dromchlach do bhóithre poiblí a rinneadh le linn an phas tógála a athchóiriú chun sásaimh an Údaráis Phleanála

6.12 Uiscígh

Beidh sé de fhreagracht an fhorbróra a léiriú nach mbeidh aon mór tionchair ag aon fhorbairt molta ar uiscígh.

6.13 Struchtúir agus trealamh coimhdeacha

Ní cheadófar aon struchtúir eile seachas tuirbíní gaoithe, fostáisiún, crann monatóireachta agus feistiúcháin coimhdeacha riachtanacha eile.

Beidh na sonraí go léir d'aon feistiúchán dá leithéid san áireamh san iarratas pleanála agus cuirfear ar fáil iad don Údarás Pleanála mar chuid den phróiseas pleanála.

Cuirfear moltaí tírdhreachta oiriúnacha d'fhonn infheictheacht an fhostáisiúin a laghdú isteach chomh maith. Tá cead pleanála ag teastáil ó gach crann monatóireachta gaoithe. Baineann sé seo go tipiciúil le crann 40m nó 50m atá riachtanach chun monatóireacht ar-shuíomh a dhéanamh ar luasanna gaoithe thar tréimhse 1-2 bhliain

Más ceann buan é, tá crann airde mhoil riachtanach, agus ní dhéanfar cead a bhreithniú ach amháin má léiríonn an forbróir go bhfuil riachtanas ann don fheidhmíocht eacnamaíoch den fheirm ghaoithe.

6.14 Nasc Eangaí

Cé go bhfuil an soláthraí eangaí freagrach do naisc eangaí, cuimseofar sonraí maidir leis na bealaí dóchúlacha leis an iarratais phleanála. Déanfar naisc laistigh den bhfeirm ghaoithe a leagadh faoi thalamh

6.15 Trasnaíocht leictreamaighnéadach

Déanfaidh an t-iarratasóir, i gcomhairle leis na gcomhlachtaí ábhartha, an trasnaíocht leictreamaighnéadach poitéinsiúil a mheas maidir le haon moladh ar bith, sula gcuirfear aon iarratas isteach.

Beidh bearta chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchair na forbartha ar na teileachumarsáidí agus nósanna imeachta chun aon trasnaíocht a leigheas nuair a éiríonn an fheirm ghaoithe gníomhach, san áireamh.

6.16 Sábháilteacht aerloingseoireachta

Déanfar na moltaí go léir a thagairt chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann chun a tuairimí agus moltaí a fháil sula gcuirtear aon iarratas pleanála isteach.

6.17 Ranníocaíochtaí Airgeadais

I gcomhréir leis an Scéim Ranníocaíochta Forbartha íocfaidh an forbróir tobhach do Chomhairle Chontae Loch Garman faoi réir na Scéime Ranníocaíochta Forbartha.

D'fhonn comhlánú sásúil na forbartha a chinntiú, caithfidh an forbróir earlais nó banna den iomlán a íoc a bheidh le socrú ag an Údarás Pleanála.

6.18 Gnéithe Sábháilteachta

Cuirfidh an forbróir comhaontú cothabhála isteach a bheidh le haontú leis an Údarás Pleanála chun cinntiú nach dtiteann na tuirbíní i léig go pointe ina bhfuilid de ghuais do shábháilteacht an phobail.

Nuair atá moltaí lonnaithe laistigh de 300m de Phríomhbhealaí agus Bealaí Tánaisteacha Náisiúnta, moltar go rachadh an t-iarratasóir i gcomhairle leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta, sula ndéanann siad iarratas, ionas gur féidir leo aontú ar fad siar ón mbóthar atá sásúil.

I gcás na mbóithre poiblí go léir eile, beidh feirmeacha gaoithe molta laistigh de 250 méadar den bhóthar, faoi réir an chomhaontaithe le Roinn na mBóithre den Chomhairle.

6.19 Pas Tógála

Déanfar na leachtanna agus na hidreacarbóin go léir atá stóráilte ar an láthair le linn na tógála a stóráil i limistéar uisceadhíonach bundaithe.

Soláthrófar cliabháin láibe chun uisce atá lán le láib a thascaradh ón láthair le linn na tógála.

Bainfear an trealamh tógála coimhdeach ar fad ón láthair laistigh de mhí amháin ón gcomhlánú deiridh.

Roimh thús na hoibre, aontóidh an forbróir leis an Údarás Phleanála maidir leis na sonraí den athdháileadh d'aon charta breise a ghintear le linn an phas tógála.

Má tá poill iasachta ar an láthair le bheith úsáidte le linn an phas tógála, caithfear na sonraí a chomhaontú roimh ré leis an Údarás Phleanála. D'fhéadfadh iarratas pleanála ar leith a bheith ag baint leis seo.

6.20 Díchoimisiúnú

Is mian leis an Údarás Phleanála forbairt na bhforbairtí fuinnimh ghaoithe inmharthana a éascú. Leagfar coinníoll uathoibríoch síos go mbeidh ar na forbairtí go léir dá leithéid seo díchoimisiúnú tar éis líon áirithe blianta a bheidh i bhfeidhm ar gach cead pleanála

Má tá tuirbín ar bith neamh-ghníomhach go leanúnach ar feadh 12 mí, déanfar é a dhíchoimisiúnú ag an bhforbróir. Má meastar go bhfuil an fhorbairt fheirme ghaoithe ag obair go neamhshásúil, tá sé de cheart ag an Údarás Phleanála é a dhíchoimisiúnú.

Sna cásanna gur féidir leis na bhfeirmeacha gaoithe a bheith léirithe chun sásaimh an Údarás Phleanála a bheith ag obair go sásúil, d'fhéadfadh sé a bheith faoi chomhairle an údarás phleanála saolré an chead pleanála sin a leathnú.

Is í acmhainn ghaoithe sásúil an phríomhiallach agus feirm ghaoithe á fhorbairt. Mar atá luaite thuas, Cuid 1, 4.1, us féidir comhartha áirithe de na luasanna gaoithe dóchúla a bhaint ó *Atlas Gaoithe na hÉireann*. Tá sonraí tomhaiste do bhliain amháin ar a laghad riachtanach sular féidir tionscadal a fhorbairt, áfach. Is é a bheith i gceist leis seo ná crann monatóireachta gaoithe 40m nó 50m a chuir suas ar an láthair agus sonraí a thaifead ar feadh 12 mí ar a laghad. Tá cead pleanála ar feadh 2 bhliain de ghnáth, riachtanach don chrann seo.

7.0 Comhairliúcháin Ullmhúcháin

Sula dtabharfar faoi aon obair dheartha suntasach moltar roinnt comhairliúcháin.

7.1 Comhairliúcháin Réamhpleanála

Sula dtabharfar faoi aon obair dheartha suntasach tá sé riachtanach na moltaí forbartha a phlé leis an Údarás Phleanála go luath. Is féidir go leor ceisteanna a réiteach má dhéileáiltear leo go luath. Tá tábhacht ar leith ag baint le tionchair amhairc agus beidh comhairle faoi na bpointí tagartha radhairc (PTR) ag teastáil. Beidh siad seo mar chuid den Mheasúnú Tionchair Thírdhreacha a bheidh ag teastáil mar chuid den iarratas pleanála, (féach Aguisín 1 de na *Treoirlínte Pleanála Dréachta*)

I gcás na bhfeirmeacha gaoithe beaga, le haschuir níos lú ná 5MW, níl aon EIS riachtanach, (cé go bhfuil sé fós de rogha ag an Údarás Pleanála ceann a iarraidh má cheapann siad gur chóir é sin a dhéanamh). Tá sé inmholta ag an tráth seo dearbhú leis an Údarás Pleanála a gcuid riachtanais d'fhonn a chinntiú go gclúdaítear na gnéithe go léir go sásúil nuair a chuirtear an t-iarratas pleanála isteach faoi dheireadh.

7.2 Díospóireacht agus Comhairliúchán Réamhiarratais

Is mó an chiall é i gcónaí forbairtí feirme ghaoithe molta a phlé leis an bpobal áitiúil. Tá seans maith go laghdódh sé seo údair inní áitiúla atá bunaithe go minic ar eolas míchruinn. Tá bailiúchán Eolais fhoirmiúil inmholta nuair atá feirmeacha gaoithe móra molta.

Cé gur dóchúil go mbeidh forbairtí feirme ghaoithe i gCo. Loch Garman sa todhchaí ag luí taobh amuigh de láithreacha ainmnithe SPNF (m.sh. LONm, LCSi agus LCS) tá sé inmholta dul i gcomhairle le Seirbhís na bPáirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra maidir le moltaí feirme ghaoithe go luath sa chéim phleanála.

8.0 Lonnú agus Dearadh na bhFeirmeacha Gaoithe

8.1 Réamhrá

Ba chóir do gach forbróir dul i gcomhairle leis na treoirlínte cuimsitheacha faoi Lonnú agus Dearadh na Forbartha Fuinnimh Ghaoithe atá soláthraithe i *dTreoirlínte Pleanála Dréachta* de chuid na Roinne Comhshaoil ag céim luath ina tionscadal. Tá forbhreathnú ar fáil thíos

Clúdaíonn Caibidil 5 de na *Treoirlínte* na réimsí seo a leanas:

Lonnú agus láthair
Fairsinge agus scála spásúil
Tionchar carnach
Spásáil na dtuirbíní
Leagan amach na dtuirbíní
Airde na dtuirbíní

Soláthraíonn na *Treoirlínte* forbhreathnú cuimsitheach de lonnú na dtuirbíní i dtírdhreacha sainiúla.

Tá roinnt díobh seo, talamh feirmeoireachta Réidh agus Cnocach, talamh imeallach Idirchreasa, Uirbeach/tionsclaíoch agus Cósta bainteach do Co. Loch Garman agus déileáiltear leo thíos.

8.2 Talamh Feirmeoireachta réidh agus cnocach.

Caithfear forbairtí a scálú ag tabhairt suntais do scála an tírdhreacha. Mar shampla, tá forbairt fheirme ghaoithe mór a leathnaíonn thar réimse páirceanna beaga neamhoiriúnach. Mar an gcéanna, caithfidh spásáil na dtuirbíní scála an tírdhreacha a léiriú. Mar shampla, tá spásáil rialta oiriúnach ar thírdhreach le pátrún páirce rialta, agus a mhalairt. Caithfidh leagan amach na feirme gaoithe a bheith socraithe chomh maith ag teacht leis an tírdhreach, m.sh. beidh leagan amach ar iomaire fada nó ardchlár líneach, cé gur chóir leagan amach cnuasach a úsáid ar bharr cnoic. Caithfear cothromaíocht a aimsiú leis an mbuntírdhreach maidir le hairde an tuirbín. Tá sé de nós ag tírdhreacha ar scála mór tuirbíní níos airde a thacú. Caithfear an cathú chun airde an mhoil a mhéadú i láithreacha imeallacha a sheachaint mura bhfuil scála na tírdhreacha mór go leor chun tacú leo. Tá an tionchar carnach de roinnt feirmeacha gaoithe is mó i limistéir uachtaracha. D'fhéadfadh na tionchair a bheith laghdaithe go suntasach ag fáлта sceach, línte na gcrann agus foirgnimh.

8.3 Tírdhreacha Imeallacha Idirchreasa

Cuimsíonn na tírdhreacha seo limistéir uachtaracha agus íochtaracha de ghnáth ar a ndéantar feirmeoireacht go forleathan orthu le hathghiniúint áirithe ar fhásra nádúrtha ceadaithe. I gCo. Loch Garman níl siad seo chomh comónta le talamh uachtarach a ndéantar dian fheirmeoireacht air. Os rud é go mbíonn na tírdhreacha seo neamhrialta go maith de ghnáth, leanann sé go mbeadh socrú, spásáil agus leagan amach na dtuirbíní neamhrialta chomh maith. I gcuid is mó de na limistéir uachtaracha imeallacha ní bheidh cuma comhionann ó thaobh airde de ar na tuirbíní.

8.4 Uirbeach/tionsclaíoch

Toisc go bhfuil stair fhada tionsclaíocha, cé go bhfuil sí teoranta go leor, ag Co. Loch Garman, ní féidir lonnú na dtuirbíní i limistéir tionsclaíocha a chur as an áireamh. Sa chás seo tá an t-ádh ag an gcontae go bhfuil cuid suntasach dá mbonneagar tionsclaíoch lonnaithe in aice an chósta in áit atá an acmhainn ghaoithe réasúnta (Níl siad seo curtha san áireamh fós sna Limistéir Fhorbartha). Caithfidh lonnú agus leagan amach na dtuirbíní i limistéir tionsclaíocha aghaidh a thabhairt ar scála an limistéir. Níl feirm ghaoithe móire in aice le coimpléasc tionsclaíoch bheag oiriúnach. Go ginearálta, tá an bonneagar tionsclaíoch socraithe in ord rialta, cé gur féidir leis na heilimintí laistigh dó a bheith éagsúil ó thaobh méide agus foirme de. Dá réir, ba chóir go mbeadh leaganacha amach na bhfeirmeacha gaoithe rialta.

8.5 Cósta

Mar atá luaite thuas, (Cuid 1, 1.2 & 4.2), níl ann ach achar réasúnta beag de líne an chósta atá oiriúnach d'fhorbairt fhuinnimh ghaoithe. Ní mór do leaganacha amach cloí le carachtar an tírdhreacha áitiúil; athróidh sé seo ó bheith réasúnta aonfhoirmeach in aice an chósta agus neamhrialta fad áirithe uaidh sin. Caithfear an crios eadráin a thabhairt faoi deara freisin ina mbeidh cosc ar fhorbairt.

9.0 Treoirlínte don Ullmhúchán d'Iarratas Pleanála

Roimh iarratas pleanála a dhéanamh, caithfidh an obair ullmhúcháin ar fad atá imlínithe thuas, i dteannta le haon riachtanais sainiúla den láthair de réir mar atá comhairlithe ag an Údarás Pleanála, a bheith curtha i gcríoch.

9.1 Riachtanas do Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (MTC)

Tá measúnacht tionchair timpeallachta ag teastáil d'fhorbairtí fhuinnimh ghaoithe ina bhfuil níos mó ná 5 tuirbíní nó aschur níos mó ná 5MW, (Alt 176 d'Acht 2000, Alt 93 agus Sceideal 5 Cuid 1 de na Rialacháin 2001).

Tá sé de rogha fós ag an Údarás Pleanála EIA a iarraidh le haghaidh feirmeacha gaoithe níos lú má mheasann siad go dtiocfadh tionchair suntasacha timpeallachta as.

Eolas atá ag teastáil in EIS

Tá sé seo soláthraithe sna **Treoirlínte faoin eolas atá le bheith sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta** (EPA 2003).

9.2 Eolas atá ag Teastáil do gach Iarratas Pleanála ar Fheirm Ghaoithe

An t-íosmhéid eolais atá ag teastáil le haghaidh forbairtí fho-thairsí Toisc nádúr na bhforbairtí feirme gaoithe, tá sonraí suntasacha ag teastáil in éineacht leis na hiarratais phleanála go léir ar neamhchead dá mhéid. Tá sé seo leagtha amach thíos.

Téacs

1. Sain cur síos den fhorbairt
2. Measúnú ar sheandálaíocht áitiúil, fásra agus ainmhithe, geolaíocht, tírdhreach, torann, ithreacha, sruthchúrsaí agus uiscígh.
3. Cur síos den tionchar dóchúil den bhforbairt orthu siúd thuas.
5. Cur síos de na bearta Maolaithe atá molta
6. Comhordanáidí an tuirbín san áireamh
7. Comhordanáidí an tuirbín agus na faid ó lár na feirme ghaoithe san áireamh.
8. Ní mór na figiúirí monatóireachta torainn chúlra a bheith san áireamh ar feadh cúig lá ar a laghad.
9. Ní mór do phoill trialacha agus tuarascálacha ag gach láthair tuirbín a bheith san áireamh

Léaráidí

1. Léarscáil láithreach ag úsáid léarscáil 1:50000 den Discovery Series
2. An léarscáil leagan amach ag úsáid léarscáileanna 1:10560 nó 1:2500. Comhordanáidí na dtuirbíní le bheith curtha san áireamh
3. Plean an leagain amach ag scála de 1:10560 nó 1:2500
4. Sonraí na dtuirbíní ag scála nach lú ná 1:200
5. Sonraí na bpillíní tuirbín agus seasaimh, scála mar atá thuas
6. Comhdhúil an fho-stáisiúin nach lú ná 1:200
7. Bóithre an láithreáin, rannóga tipiciúla ag scála nach lú ná 1:25
8. Léarscáil a thaispeánann suímh láithreacha seandálaíochta, nach lú ná 1:10560
9. Léarscáil gnáthóige fiadhúlra nach lú ná 1:10560

10. Léarscáil Discovery Series a thaispeánann aon ainmniúchán timpeallachta laistigh de 3km den láthair agus an Tírdhreach.
11. Léarscáil Discovery Series a thaispeánann aon ainmniúchán tírdhreacha laistigh de 10km den láthair (d'fhéadfadh sé a bheith nasctha leis sin thuas).
12. Léarscáileanna Discovery Series a thaispeánann láthair na n-uiscígh laistigh de 10km ón láthair molta.
13. Léarscáil Discovery Series ag léiriú VPR (Pointí amhairc ónar tógadh grianghraif chun fótamontáisí a ghiniúint, (na grianghraif agus na fótamontáisí go léir le bheith tógtha ag úsáid lionsa 70mm)
14. Léarscáil Discovery Series ag léiriú ZTV (Crois na hinfheictheachta Theoiriciúil. D'fhéadfaí é a mheascadh le léarscáil VPR)
15. Tacar fótamontáisí bunaithe ar infheictheacht d'fhad leath-lainne,

Aguisíní

1. Cur síos teicniúil ar an gcineál tuirbín atá molta (ní mór na huastoisí a chur ar fáil)
2. Sonraí scáth-chaochaíle
3. Sonraí an bhunlíne torainn
4. Sonraí na fótamontáise, (comhordanáidí an ionaid amhairc, ina n-áirítear uillinn, treo)

10.0 Tuirbíní Gaoithe Aonair

10.1 Cumas

Tríd na tuarascála seo ar fad, tagraíonn an téarma "forbairt fhuinnimh ghaoithe" d'fheirmeacha ghaoithe tráchtála. Ach, mar fhoinsé leictreachais ghlan agus inathnuaite, luíonn fuinneamh ghaoithe lenár meon freagrachta don timpeallacht agus neamhspleáchas faoi mar a luíonn sé dár gcumas gnó.

D'fhéadfadh tuirbín ghaoithe bheag i gclós feirme i gContae Loch Garman freastal ar an gcuid is mó de riachtanais leictreachais na feirme, nó feidhmiú mar chúltaca leictreachais. Níl sé ag brath ar phraghsanna ola domhanda

Is beag éifeachta ó thaobh amhairc de atá ag tuirbín ghaoithe bheag, ar chrann íseal, ach is féidir leis truailliú aeir áitiúil a laghdú. Sa rannóg seo, déileálaimid leis forbairtí ina bhfuil tuirbín ghaoithe amháin acu ar chrann nach bhfuil níos mó ná 18 méadar ar airde. Is féidir tuirbíní ghaoithe níos mó a mheas i láithreacha tionsclaíocha agus é de fhreagracht ag an bhforbróir a léiriú nach mbeidh aon droch tionchair ag an bhforbairt ar fhoirgnimh nó mhaoin atá in aice láimhe.

10.2 Dearadh

Tá tuirbíní beaga ar fáil in Éirinn, ag éagsúlú i gcumhacht ó 100 Watt go 20 kW. Taobh thíos de 1 kW, úsáidtear tuirbín go príomha le haghaidh ábhair turgnaimh, oideachais nó mar fhoinsé cumhachta íosta i áiteanna iargúlta. D'fhéadfadh tuirbín amháin sa réimse 2.5kW-6kW freastal ar na riachtanais cumhachta do ghnáth-theaghlach. Is féidir tuirbíní dá leithéid a thacú ar chrainn chomh híseal le 7-15 méadar ar airde.

Is féidir le crann 15-18 méadar tacaíocht a thabhairt do thuirbíní a théann i réimse ó 2.5 kW to 15kW, is féidir leo seo a úsáid le haghaidh gnóthaí beaga.

Is feadáin teanntránaithe cruach nó saor-seasamh nó túir laitise teanntránaithe iad na túir tacaíochta. Cruthaíonn feadáin cruach an cur isteach is lú ó thaobh amhairc ach tá achar láthair de suas go 50m x 50m ag teastáil uathu ar chóir dóibh a bheith bainte ón táirgeadh.

Tosaíonn tuirbín ghaoithe beag ag táirgeadh leictreachais ag luasanna de 3 méadar in aghaidh an soicind. Dá tapa luas na ghaoithe, is mó leictreachais a tháirgtear. Ar mhórchríoch na hEorpa, áit a bhfuil giniúint na ghaoithe i bhfad níos forbartha ná mar ata in Éirinn, tá córas eangaí-mhéadair in úsáid a bhaineann le hidirnascadh go dtí agus feidhmíocht i gcomhréir leis an eangach leictreachais. Is trua nach bhfuil sé seo ar fáil in Éirinn fós. Tá roghanna eile ar fáil, áfach; luchtú ceallra, téamh díreach nó teicneolaíochtaí hibrídeacha a ligean don mheascán d'fhoinsí cumhachta agus stórála oibriú le chéile.

Córas amháin dá leithéid ná meascán de stóráil ghaoithe, díosail agus ceallra. Measctar tuirbíní gaoithe beaga go minic le córais fhuinnimh na gréine (grianchealla fotavoltacha de ghnáth, a thiontaíonn solas na gréine go díreach i leictreachas). Is fiú smaoineamh ar na socruithe hibrídeacha seo agus ba chóir iad a spreagadh

10.3 Caighdeán Rialaithe Forbartha

Beidh tuirbíní teoranta go 1 in aghaidh an ghabhála de ghnáth.

Ní rachaidh airde an tuirbín thar 25 méadar ag tomhas don phointe is airde den lann leathnaithe ingearach.

Beidh dath liath nó liath-trom ar na tuirbíní i gcoitinne agus ní bheidh siad i gcodarsnacht leis na dathanna mórtimpeall orthu.

Níl cosc ar tuirbíní beaga aonair ag na Limistéir Forbartha Fheirme Ghaoithe mar atá aitheanta sa Straitéis.

10.4 Luach Oideachasúil

Ba chóir suiteáil na dtuirbíní beaga a spreagadh i scoileanna Loch Garman.

Is féidir le tuirbín gaoithe de chostas íseal cabhrú chun feachtas timpeallachta a chur chun cinn i measc leanaí bunscoile agus chun pointe lárnach do phobal scoile a chur ar fáil.

Sna meánscoileanna, is féidir forbairtí tuirbíní gaoithe beaga a bheith comhtháite sna cúrsaí eolaíochta, matamaitice, tíreolaíochta, staidéir ghnó agus ealaíona fiú. Tá leas sóisialta breise aige seo toisc go méadaíonn sé scileanna teicniúla agus nuálaíochta sa bhfórsa oibre nua.

Tá crainn laitise féin-thacaíochta gan sreangacha teanntáin ar fáil do thuirbíní beaga: bheadh crann dá leithéid, atá timpeallaithe ag fál slándála, mar an modh is sábháilte agus is éifeachtaí ó thaobh spáis de le húsáid i scoileanna.

Leabharliosta

Architectural Heritage Protection: Guidelines for Planning Authorities An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán agus an Roinn Chomhshaoil agus Rialtais Áitiúil. 2001

Attitudes towards the development of Wind Farms in Ireland Sustainable Energy Ireland. 2003

County Development Plan Comhairle Chontae Loch Garman. 2001

Guidelines for Planning Authorities, An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil. 2006

European Best Practice for Wind Energy Development. EWEA London.

Framework and Principles for the Protection of the Archaeological Heritage An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gealtachta agus Oileán. 1999

Green Paper on Sustainable Development An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha

Guidelines on the Information to be contained in Environmental Impact Statements CAAS. EPA.2003

National Biodiversity Plan An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Oileán, 2002

National Climate Change Strategy Ireland An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, Deireadh Fómhair. 2000

Planning for Wind Power. Guidelines for project developers and local planners Friends of the Earth. 1995

Regional Planning Guidelines Údarás Réigiúnda an Oirdheiscirt. 2004

Sustainable Development: A strategy for Ireland An Roinn Comhshaoil. 1997

Wind Energy: A Policy for County Kerry in Renewable Energy Policy Comhairle Contae Chiarraí. 2002

Wind Energy and Spatial Planning Procedures. PREDAC European Seminar, Brest, An Fhrainc. 2002

Wind Farm Development. Guidelines for Planning Authorities DOE. An Oifig Office, Baile Átha Cliath. 1996